Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 11

# Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i ndáil le seirbhísí ar leith a riar Oifig an Aire agus le deontais ar leith a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2020, as leithdháiltí neamhchaite a bhain le 2019, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €4.233 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

### *Freagrachtaí a aistriú*

Aistríodh soláthar agus forbairt seirbhísí TF chuig Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais an 1 Eanáir 2020. Sular cruthaíodh Vóta 43, tugadh cuntas ar shócmhainní, dliteanais agus caiteachas na hOifige faoi Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Aistríodh na sócmhainní agus na dliteanais ábhartha go léir chun na vótála seo.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

### *Stoic*

Comhroinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 11) stoic intomhalta TF. Déantar iad a leithdháileadh ar bhonn líon na mball foirne sna Vótaí faoi seach.

Ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtúlacht agus le háisiúlacht, déantar an caiteachas ar stoic stáiseanóireachta a thaifeadadh faoi Vóta 7. Mar sin féin, toisc go meastar na stoic a bheith comhroinnte, áirítear iad sna nótaí um chostas oibriúcháin a ghabhann le cuntais Vóta 7 agus Vóta 11 agus leithdháiltear iad ar bhonn an líon foirne sna ranna faoi seach.

### *Sócmhainní caipitil*

Is oifig de chuid na Roinne í an OGCIO agus toisc go bhfuil speisialtóireacht aici i seachadadh agus i bhforbairt seirbhísí TF, tá sé fós freagrach as infheistíocht na Roinne in TF agus as a sócmhainní TF. Go ginearálta, déantar sócmhainní trealaimh TF a thaifeadadh anois ar chlár sócmhainní an OGCIO. Mar sin féin, choinnigh agus cheannaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sócmhainní TF áirithe mar chórais ordaithe atá le húsáid go heisiach.

### *Dímheas*

Ón 1 Eanáir 2020, d'athraigh an modh dímheasa óna ghearradh ar bhonn bliantúil chuig a ghearradh ar bhonn míosúil. Gearrtar dímheas de réir méid cothrom.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceangaltais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí AD agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar an litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do ghníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Is ann do Choiste Iniúchóireachta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn comhroinnte do Vóta 11.
- Tá nósanna imeachta do phríomhphróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- córas bainistithe riosca atá ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

***Iniúchóireacht inmheánach agus coiste iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí air, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, atá faofa agam, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Athbhreithním an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí ó am go ham i gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Comhlíonadh soláthair***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ábhartha uile. Tá an Roinn tar éis mionsonraí a chur ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le haon chonradh neamhiomaíoch amháin sa tuairisceán bliantúil i ndáil le ciorclán 40/2002.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh le tabhairt fúthu agus, a mhéid is féidir, leis na rioscaí seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm, rud a aithníonn na príomhrioscaí roimh an Roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go ráithiúil.Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialuithe agus gníomhaíochtaí is gá le rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as feidhmiú rialaithe do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh maidir le rialú a chur in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcásanna ábhartha. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteach aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an gcreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Paindéim Covid-19***

Cuireadh beartais leanúnachais gnó i bhfeidhm chun déileáil le tionchar Covid-19 agus chabhraigh sé seo leis an Roinn leanúint le bheith lánoibríochtúil le linn 2020.

I ngeall ar chineál déabhlóidithe an bhuiséadaithe laistigh den Roinn féin, ar sheachfhoinsiú na cuntasaíochta chuig an Roinn Airgeadais agus an phárolla chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus i ngeall ar chórais a chuir ar chumas na Roinne obair go lánchianda ó dheireadh mhí an Mhárta 2020, is beag tionchar a bhí ag an bpaindéim ar thimpeallacht rialaithe airgeadais na Roinne.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2020 ba chúis, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis, le caillteanas ábhartha.

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

24 Márta 2021

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta10 an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Lúnasa 2021

# Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Caiteachas poiblí agus beartas earnálach | | 20,355 | 19,618 | 18,640 |
| B | Bainistiú agus athchóiriú na seirbhíse poiblí | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 24,574 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 146 | | | |
| | | | 24,720 | 22,102 | 40,905 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 44,929 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 146 | | | |
| | | | **45,075** | **41,720** | **59,545** |
| | *Lúide* | | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2,184** | **3,062** | **2,676** |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 42,745 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 146 | | | |
| | **Glanchaiteachas** | | **42,891** | **38,658** | **56,869** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a sholáthraítear thar an nglanmhéid a chuirtear i bhfeidhm le géilleadh don Státchiste.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 4,232,708 | 2,124,445 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (146,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **4,232,708** | **1,978,445** |

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

24 Márta 2021

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 16,023 | 28,585 |
| Pá | | 24,226 | 27,460 |
| Neamhphá | | 1,471 | 3,500 |
| **Ollchaiteachas** | | **41,720** | **59,545** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **3,062** | **2,676** |
| **Glanchaiteachas** | | **38,658** | **56,869** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (203) | | |
| Dímheas | 34 | (169) | 615 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 3,393 | | |
| Méadú ar stoc deiridh | 6 | 3,399 | (899) |
| **Caiteachas díreach** | | **41,888** | **56,585** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 7,368 | 5,332 |
| Measchíosanna | | 2,449 | 2,449 |
| **Glanchostas an chláir** | | **51,705** | **64,366** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 11 a tabhaíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 | Airgeadas | 995 | 815 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | — | 375 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 4,065 | 3,653 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,643 | 2,157 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 48 | 42 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 617 | — |
| Costas seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile | | — | (1,710) |
| | | **7,368** | **5,332** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 2,308 | 9,683 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 1,385 | 1,009 |
| Stoic | 2.2 | 17 | 23 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 67 | 316 |
| Réamhíocaíochtaí | | 448 | 3,659 |
| Ioncam fabhraithe | 2.4 | 65 | 369 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,982** | **5,376** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 186 | 308 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 1,270 | 1,339 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.6 | 182 | (14) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,638** | **1,633** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 344 | 3,743 |
| **Glansócmhainní** | | **2,652** | **13,426** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **2,652** | **13,426** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 24,963 | 141 | 2 | 1,460 | 26,296 |
| Aistriú go hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | (21,472) | (126) | — | — | (21,598) |
| Breiseanna | — | — | — | 203 | 203 |
| Diúscairtí | (1) | — | — | — | (1) |
| Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt a cuireadh chun seirbhíse | 1,563 | — | — | (1,563) | — |
| **Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020** | 4,783 | 15 | 2 | 100 | 4,900 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 16,550 | 61 | 2 | — | 16,613 |
| Aistriú go hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | (13,997) | (57) | — | — | (14,054) |
| Coigeartú ar mhodh dímheasa | (76) | (1) | — | — | (77) |
| Dímheas don bhliain | 110 | 1 | — | — | 111 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1) | — | — | — | (1) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 2,586 | 4 | 2 | — | 2,592 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **2,197** | **11** | **—** | **100** | **2,308** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 8,143 | 80 | — | 1,460 | 9,683 |

## 2.2 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 9 | 13 |
| Ábhair inchaite TF | 8 | 10 |
| | **17** | **23** |

## 2.3 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | — | 32 |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | — | 3 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe ar phasanna taistil | 35 | 174 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 32 | 107 |
| | **67** | **316** |

## 2.4 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ranníocaíochtaí pinsin Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta | 9 | 333 |
| An Foras Riaracháin – ranníocaíochtaí aoisliúntais breise | 56 | 36 |
| | **65** | **369** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 486 | 491 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 217 | 227 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 26 | 148 |
| Cáin bhreisluacha | 24 | 250 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 80 | 89 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 2 | 3 |
| | 835 | 1,208 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 104 | 107 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 331 | 24 |
| | **1,270** | **1,339** |

## 2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 4,233 | 1,978 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 146 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (4,051) | (2,138) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **182** | **(14)** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,385 | 1,009 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 67 | 316 |
| | 1,452 | 1,325 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (835) | (1,208) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (435) | (131) |
| | (1,270) | (1,339) |
| | | |
| | **182** | **(14)** |

## 2.7 Cuntas maoinithe Stáit

| | **Nóta** | | **2020** | **2019** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 13,426 | 13,142 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 42,745 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | 146 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (4,233) | | |
| Glanvóta | | | 38,658 | 56,869 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | | | 7,368 | 5,332 |
| Míreanna neamhairgid – aistriú sócmhainní caipitil | | | (7,544) | — |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | | | 2,449 | 2,449 |
| | | | | |
| Glanchostas an chláir | | | (51,705) | (64,366) |
| | | | | |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **2,652** | **13,426** |

## 2.8 Ceangaltais

**Ceangaltais dhomhanda**

| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | — | 643 |
| Tionscadail chaipitil | — | 107 |
| **Iomlán na gceangaltas is infheidhmithe go dlíthiúil** | **—** | **750** |

## 2.9 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár glanadh ag deireadh na bliana | 7 | 6 |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costálacha iomlána an chláir a chur i láthair.

| | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| I | Tuarastail, pá agus liúntais | 24,551 | 24,227 | 27,460 |
| ii | Taisteal agus cothú | 308 | 104 | 320 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 950 | 842 | 1,161 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 22 | 14 | 214 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 93 | 190 | 1,446 |
| vi | Speansais áitribh oifige | 377 | 321 | 355 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 30 | — | 4 |
| | | **26,331** | **25,698** | **30,960** |

### Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach thíos anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist (+/- 25% agus €100,000).

ii **Taisteal agus cothabháil**

*Soláthar meastacháin €308,000; toradh €104,000*

Tharla an laghdú €204,000 sa chaiteachas ar thaisteal agus cothú i ngeall ar shrianta taistil le linn phaindéim Covid-19.

iii **Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €950,000; toradh €842,000*

Tharla an laghdú €108,000 sa chaiteachas ar oiliúint agus ar fhorbairt agus ar chostais theagmhasacha i ngeall ar laghdú ar an oiliúint agus ar chruinnithe fisiciúla le páirtithe leasmhara seachtracha.

## Clár A Caiteachais Phoiblí agus Polasaí Earnálach

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 10,583 | 10,745 | 9,648 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 738 | 592 | 981 |
| A.3 | Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta - costais riaracháin agus ghinearálta | 2,775 | 2,775 | 2,775 |
| A.4 | Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile | 1,295 | 1,115 | 1,104 |
| A.5 | Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach | 650 | 650 | 650 |
| A.6 | Comhlacht na gClár Speisialta AE agus cláir Thuaidh/Theas | 2,380 | 2,112 | 2,300 |
| A.7 | INTERREG na hÉireann/na Breataine Bige agus INTERREG Trasnáisiúnta | 195 | 149 | 79 |
| A.8 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 421 | 140 | 277 |
| A.9 | Maoiniú do phinsin do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne | 450 | 1,168 | 542 |
| A.10 | Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann | 368 | 172 | 284 |
| A.11 | Tacaíocht nuálaíochta tógála | 500 | — | — |
| | | **20,355** | **19,618** | **18,640** |

### Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach thíos na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €737,000 ní b'ísle ná mar a soláthraíodh.

**A.4 Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile**

*Soláthar meastacháin €1.295 milliún; toradh €1.115 milliún*

Tharla an coigilteas €180,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar níos lú saineolais iniúchta ón taobh amuigh a bheith riachtanach ná a beartaíodh.

**A.7 Comhlacht na gClár Speisialta AE agus Cláir Thuaidh/Theas**

*Soláthar meastacháin €2.38 milliún; toradh €2.112 milliún*

Tharla an coigilteas €268,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar uainiú ghníomhaíochtaí SEUPB i ndáil le caiteachas cláir.

**A.8 Seirbhísí comhairleoireachta agus eile**

*Soláthar meastacháin €421,000; toradh €140,000*

Tharla an ganntanas €281,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar uainiú na n-athbhreithnithe ar scéimeanna tionchair timpeallachta Faoisimh Tuilte Oifig na nOibreacha Poiblí lena ndaingniú ag an Aire agus i ngeall ar mhoill na hOifige Infheistíochta Náisiúnta maidir le gnéithe den obair i ngeall ar phaindéim Covid-19.

**A.9 Maoiniú do phinsin do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne**

*Soláthar meastacháin €450,000; toradh €1.168 milliún.*

Tharla an fuílleach €718,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar líon fostaithe a chuaigh ar scor, rud nach raibh tuartha nuair a rinneadh na Meastacháin Athbhreithnithe i ndeireadh 2019.

**A.10 Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €368,000; toradh €172,000*

Tharla an coigilteas €196,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar athbheartú tosaíochta san obair, lena n-áirítear imeachtaí a chur ar athlá de bharr phaindéim Covid-19.

**A.11 Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €500,000; toradh €nialas*

Tharla an coigilteas €500,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall nár cuireadh an clár oibre riachtanach ar aghaidh a dhóthain in 2020 le go bhféadfaí cistiú a thabhairt d'iarrthóir cuí trí chomórtas oscailte.

## Clár B Bainistiú agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán - pá | 13,968 | 13,482 | 17,812 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 1,042 | 879 | 2,519 |
| B.3 | An Foras Riaracháin | 2,725 | 2,725 | 2,725 |
| B.4 | Nós imeachta eadrána agus achomhairc na státseirbhíse | 42 | 33 | 32 |
| B.5 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 506 | 137 | 367 |
| B.6 | Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí | 1,000 | 933 | — |
| B.7 | Clár oibre athchóirithe | 1,190 | 923 | 1,314 |
| B.8 | Seirbhís chomhroinnte oifigeach cúnaimh d'fhostaithe | 1,451 | 1,346 | 1,376 |
| B.9 | Tacaíocht don socrú faoin bpá poiblí | 190 | 17 | 226 |
| B.10 | Clár foghlama agus forbartha don státseirbhís | 1,000 | 448 | 675 |
| B.11 | Tionscadal riaracháin na scéime pinsean seirbhíse poiblí aonair | 290 | 9 | 244 |
| B.12 | Cur i bhfeidhm an Achta um Nochtadh Cosanta | 220 | 220 | 220 |
| B.13 | Tionscadal sonraí na hearnála neamhbhrabúis | 950 | 950 | 950 |
| | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | — | — | 12,445 |
| | | **24,574** | **22,102** | **40,905** |

**Difríochtaí suntasacha**
Leagtar amach thíos na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €2.472 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh. €650,000 an cion iomlán a coiglíodh i gcaiteachas riaracháin. Na nithe seo a leanas a bhí mar chúis le hiarmhéid na difríochta don chuid is mó:

**B.5 Seirbhísí comhairleoireachta agus eile**

*Soláthar meastacháin: €506,000; toradh €137,000*

Tharla an coigilteas €369,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall gur lú ná a ceapadh an costas a bhí ar chomhairle dhlíthiúil a fuair lucht acmhainní daonna na státseirbhíse, chomh maith le caiteachas seirbhíse poiblí ar chomhairleoireacht ar fud ár n-aonad gnó i gClár B.

**B.7 Clár oibre athchóirithe**

*Soláthar meastacháin €1.19 milliún; toradh €923,000*

Tharla an coigilteas €267,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar chumasc coigilteas níos lú thar líon réimsí beartais agus cláir, go háirithe maidir le hacmhainní, beartas agus cumas acmhainní daonna na státseirbhíse.

**B.8 Seirbhís chomhroinnte oifigeach cúnaimh d'fhostaithe**

*Soláthar meastacháin €1.451 milliún; toradh €1.346 milliún*
Tharla an coigilteas €105,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar choigilteas i bpá na gclár chomh maith le costais laghdaithe taistil tharla, den chuid is mó, nach raibh oifigigh chúnaimh d'fhostaithe in ann bualadh go fisiciúil le cliaint ar fud an Stáit le linn na paindéime.

**B.9 Tacaíocht don socrú faoin bpá poiblí**

*Soláthar meastacháin €190,000; toradh €17,000*
Tharla an coigilteas €173,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc nach raibh gá sa deireadh leis an tacaíocht sheachtrach a ceapadh a bheadh riachtanach.

**B.10 Clár foghlama agus forbartha don státseirbhís**

*Soláthar meastacháin €1 milliún; toradh €448,000*
Tharla an coigilteas €552,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall, den chuid is mó, ar mhoill ar an tionscnamh áiseanna malartacha seomra ranga a fheistiú lena gcur in áit na seomraí ranga ag OneLearning in OTBÁC, i gCearnóg Mhuinseo. Chuaigh an léas ar áitreabh OTBÁC in éag ar an 31 Nollaig 2020.

**B.11 Tionscadal riaracháin na scéime pinsean seirbhíse poiblí aonair**

*Soláthar meastacháin €290,000; toradh €9,000*
Tharla an coigilteas €281,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall, den chuid is mó, ar mhoill ar obair deartha agus forbartha a bhí beartaithe do chóras lárnach TFC amach anseo chun tacú le riarachán na Scéime Pinsean Aonair ar fud na seirbhíse poiblí, mar thoradh ar Covid-19. Tharla coigilteas freisin i ngeall ar oiliúint bunaithe sa seomra ranga a bheith ar fionraí siocair shrianta Covid-19.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Cláir AE | 708 | 1,075 | 667 |
| 2 | Farasbairr i sreabhadh airgid pinsin | 56 | 483 | 85 |
| 3 | Ilghnéitheach | 60 | 74 | 120 |
| 4 | Fáltais ó asbhaintí breise aoisliúntais ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 1,360 | 1,430 | 1,804 |
| | **Iomlán** | **2,184** | **3,062** | **2,676** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach thíos na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/-5% agus € 100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €878,000 níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

**1 Cláir AE**

*Soláthar meastacháin €708,000; olltoradh €1.075 milliún*

Tharla an méadú €367,000 i ngeall ar an deacracht meastachán a dhéanamh ar uainiú agus ar mhéid na n-aisíocaíochtaí a bhain le cláir AE.

**2 Farasbarr i sreabhadh airgid pinsin**

*Soláthar meastacháin €56,000; olltoradh €483,000*

Tharla an méadú €427,000 i ngeall, den chuid is mó, ar ranníocaíochtaí carntha fostóra agus fostaithe a bheith á n-íoc ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta nuair a réitíodh roinnt saincheisteanna pinsin.

## 4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir | — | — |
| Géilleadh deonach thuarastail na n-airí | 28 | 19 |
| Fáltas AE – Tionscadal Sonraí Oscailte | 95 | — |
| Fáltas AE – Tionscadal Bóthair | 36 | — |
| Fáltas AE – Tionscadal TII Atlantach | 254 | — |
| Fáltais Ilghnéitheacha | 3 | — |
| Deontais nuálaíochta seirbhíse poiblí a tugadh ar ais sa bhliain 2020 | 44 | — |
| Méid a aistríodh chuig an Státchiste | (460) | (19) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | — | — |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| Comhionann le fostaithe lánaimseartha | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 377 | 430 |

## 5.2 Pá

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 24,175 | 26,947 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 241 | 275 |
| Liúntais eile | 23 | 53 |
| Ragobair | 26 | 80 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,889 | 2,039 |
| **Pá iomlán**[a] | **26,354** | **29,394** |

Nóta [a] Tá an figiúr don phá iomlán dáilte thar fhotheidil A.1, A.4, B.1 agus B.8.

Ní dhéanann an Roinn maoiniú díreach ar chostais aon cheann de na comhlachtaí atá faoina coimirce.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 32 | 6 | 33,016 | 34,389 |
| Liúntais eile | 3 | 1 | 13,590 | 8,984 |
| Ragobair | 18 | — | 7,306 | 11,350 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 1 | 1 | 14,915 | 28,469 |

## 5.4 Socruithe luacha saothair eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €291,417 (2019: €159,582) maidir le ceathrar oifigeach (2019: triúr oifigeach) a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2020 uile nó cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastal.

Faoi théarmaí an chomhaontaithe athstruchtúraithe den Chlár 1% Iomaíochais agus Oibre (PCW) de chuid AHCPS, fuair 46 oifigeach (2019: 42) €110,137 san iomlán (2019: €106,218) i leith liúntais PCW/sinsearachta.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon faighteoirí | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 24 | 75,535 | 49,043 |
| Pleananna Aisghabhála i bhFeidhm | 4 | 7,172 | 12,487 |

Aistríodh triúr a raibh pleananna aisghabhála i bhfeidhm acu ar luach €1,060 chuig ranna eile sa bhliain.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú AE

Cuimsíonn an toradh a thaispeántar i bhfotheidil A.4, A.5 agus A.6 na híocaíochtaí seo a leanas maidir le gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn AE iad. Seo a leanas meastacháin ar chaiteachas agus an toradh iarbhír:

| Teideal | Cur Síos | 2020 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.4 | Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile | 735 | 726 | 857 |
| A.5 | Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach | 650 | 650 | 650 |
| A.6 | Comhlacht na gClár Speisialta AE agus cláir Thuaidh/Theas | 1,175 | 1,120 | 1,339 |
| | | **2,560** | **2,496** | **2,846** |

### 6.2 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheaptha | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Bord Eadrána na Státseirbhíse [a] | 1950/51 | **17** | **32** |
| An Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil [b] | 1984 | **50** | **51** |
| | | **67** | **83** |

Nóta

[a] Soláthraíonn Bord Eadrána na Seirbhíse Poiblí bealach atá inghlactha don Stát agus dá fhostaithe araon chun déileáil le héilimh agus le tograí a bhaineann le coinníollacha seirbhíse státseirbhíseach agus chun an comhoibriú is fearr a dhaingniú idir an Stát, mar fhostóir, agus státseirbhísigh, mar fhostaithe, ionas gur fearr a chomhlíonfar gnó poiblí.

[b] Bunaíodh an Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil i 1984. Is é feidhm an Choiste iarrthóirí a mholadh d'Airí agus don Rialtas le haghaidh na bpost is sinsearaí sa státseirbhís – ar leibhéal Rúnaí Chúnta agus níos airde. Tríd an bhfeidhm sin a chomhlíonadh ar bhealach neamhspleách agus trína chuid cinntí a dhéanamh bunaithe ar fhiúntas coibhneasta na n-iarrthóirí do na poist lena mbaineann agus air sin amháin, bíonn sé mar aidhm ag an gCoiste struchtúr bainistíochta na státseirbhíse a neartú agus modh a sholáthar trínar féidir leis na hiarrthóirí is fearr féachaint lena lánacmhainn a bhaint amach.

## Nóta 7 An Ciste Teagmhais

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 1,200 | 1,200 |
| Fáltais | — | — |
| Íocaíochtaí | — | — |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **1,200** | **1,200** |

Is ciste neamhreachtúil é an Ciste Teagmhais a bunaíodh i 1923. Tá an ciste ar fáil lena úsáid chun íocaíocht a éascú i ndáil le caiteachas práinneach nó caiteachas gan choinne nach bhfuil cumhdaithe ag na gnáth-Vótaí, agus dá bhféadfadh sé a bheith neamhphraiticiúil cead láithreach a lorg ó Dháil Éireann ina leith, e.g. le linn sosa.

Leagtar na nósanna imeachta maidir le feidhmiú an Chiste amach sna *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* (Ailt C.1.5 go C.1.12).

Déantar athbhreithniú gach cúig bliana ar mhéid an Chiste. I ndiaidh athbhreithniú in 2020, rinneadh an cinneadh gur cheart an Ciste a choinneáil ag a leibhéal reatha.

## Aguisín A Cuntais do Chomhlachtaí na Cistí agus faoi choimirce an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus áit a bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé, ag deireadh Márta 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí agus cathain a cuireadh an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ ciste Roinne | Tréimhse chuntasaíocht a is déanaí | Dáta na tuarascála iniúchta | Dáta faighte ag Aire/ Roinn | Dáta curtha i láthair an Oireachtais |
|---|---|---|---|---|
| Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta | 2019 | 3 Iúil 20 | 31 Iúil 20 | 13 Deireadh Fómhair 20 |
| An Foras Riaracháin | 2019 | 3 Nollaig 20 | 9 Nollaig 20 | 21 Eanáir 21 |
| An Ciste Oideachais Éireann-Stát Aontaithe | 2019 | 10 Nollaig 20 | 11 Nollaig 20 | 14 Nollaig 20 |
| Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta | 2019 | 21 Nollaig 20 | 24 Feabhra 21 | 25 Feabhra 21 |
| Comhlacht na gClár Speisialta AE | 2019 | 3 Feabhra 20 | 8 Feabhra 21 | 17 Feabhra 21 |
| Cuntas Taiscí Ilchineálacha Maoine Stáit | 2019 | 10 Nollaig 20 | 11 Nollaig 20 | 14 Nollaig 20 |
| Ciste Cosanta Taistealaithe | 2019 | 20 Aibreán 20 | 20 Aibreán 20 | 21 Aibreán 20 |